# Tfreoir d’Iarrthóirí maidir le Clár Gníomhaíochta Dearfaí 2025

# Clár Ábhair


**1. RÉAMHRÁ** 3

**2. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA** 3
2.1 Triail ceisteanna ilroghanna 3
2.1.1 Sonraí teicniúla 3
2.2 Measúnú ar an gcomhlíontar na critéir incháilitheachta 4
Cúrsaí léinn 4
Taithí ghairmiúil 4
Teangacha 4
2.3 Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha 4

**3. Conas iarratas a dhéanamh** 4
3.1 Nótaí ginearálta 4
3.1.1 Freastal réasúnta 5
3.2 Conas an comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach 5
3.3 Doiciméid tacaíochta atá le cur i gceangal leis an gcomhad iarratais 6
3.3.1 Nótaí ginearálta 6
3.3.2 Doiciméid tacaíochta le haghaidh na gcritéar incháilitheachta ginearálta 6
3.3.3 Doiciméid tacaíochta eile 6

**4. DÍCHÁILIÚ** 7

**5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA** 8
5.1 Comhdheiseanna 8
5.2 Iarrataí ó iarrthóirí ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leo 8
5.3 Cosaint sonraí pearsanta 8

**6. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ - GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC - GEARÁIN A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH** 9
6.1 Iarrataí ar athbhreithniú 9
6.2 Gearáin agus athbhreithniú breithiúnach 9
6.3 Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach 10

**IARSCRÍBHINN I Cáilíochtaí lena dtugtar rochtain ar** 11

**fheidhmghrúpa IV** 11

**IARSCRÍBHINN II Cáilíochtaí lena dtugtar rochtain ar** 15

**fheidhmghrúpa II** 15

# 1. RÉAMHRÁ

Chun cur isteach ar an gClár Gníomhaíochta Dearfaí, ní mór duit d'iarratas a chur isteach, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta, ar an ardán ar líne Apply4EP. Ní mór na céimeanna uile a leanúint go cúramach go dtí an bailíochtú leictreonach deiridh ar d'iarratas, agus an chéim sin san áireamh.

# 2. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA

## 2.1 Triail ceisteanna ilroghanna

Más rud é gur chuir tú d'iarratas isteach i gcomhréir leis na socruithe atá sonraithe thíos, tabharfar cuireadh duit triail ceisteanna ilroghanna ar ríomhaire a dhéanamh, a bheidh marcáilte ag ríomhaire. Sa triail ceisteanna ilroghanna beidh uaslíon de 30 ceist a bhaineann leis na réimsí seo a leanas: eolas ar an Aontas Eorpach, réasúnaíocht bhriathartha agus breithiúnas staide. Gheobhaidh tú samplaí de na ceisteanna agus na treoracha maidir le conas an triail ceisteanna ilroghanna a dhéanamh trí do chuntas Apply4EP

### 2.1.1 Sonraí teicniúla

Oibríonn Parlaimint na hEorpa le soláthraí seirbhíse (TestWe) chun na trialacha ar líne a reáchtáil.

**Tabhair faoi deara nach bhfuil rochtain ar na bogearraí trialach ar líne ar fáil go digiteach faoi láthair (féach roinn 3.1.1 den treoir seo le haghaidh tuilleadh faisnéise).**

Má tá tú in ann na bogearraí a úsáid chun an triail a dhéanamh, beidh ríomhaire (ríomhaire deisce nó ríomhaire glúine) ag teastáil uait leis an méid seo a leanas:

- Microsoft Windows 10 nó leaganacha níos déanaí nó Apple OS X 10.13 nó leaganacha níos déanaí i gcás MAC;
- 1 GB de spás saor ar an diosca crua;
- ceamara éadain ceangailte nó ceamara éadain ar cuid de do ríomhaire é;
- nasc idirlín;
- 4 GB RAM.

Cuirfear ar an eolas thú, roimh an triail, maidir le haon athruithe ar na híoscheanglais theicniúla a thiocfaidh as nuashonrú ar na bogearraí.

Níl na córais oibriúcháin seo a leanas oiriúnach: XP, Vista agus cinn níos sine, Windows 10 S, Windows ARM (RT), MacOS níos sine ná 10.11, IOS (iPad, iPhone), Android, Chromebook, Virtual Machine, Linux (Debian, Ubuntu, etc) agus 32-bit OS.

Beidh cearta riarthóra ag teastáil uait freisin don ríomhaire deisce nó glúine a bheidh in úsáid agat, chun bac a chur ar rochtain ar gach feidhmchlár (doiciméid, pacáistí bogearraí eile, suíomhanna gréasáin, etc.) seachas bogearraí tástála an tsoláthraí seirbhísí le linn na trialach.

Ní mór duit a áirithiú go bhfuil do ríomhaire ar an dáta agus am ceart agus go bhfuil taifeach do scáileáin ceart.

**Ní mór duit duit an t-ardán a íoslódáil, a shuiteáil, a dheimhniú agus a thástáil i bhfad roimh ré.** Chun an feidhmchlár a thástáil tar éis na suiteála, iarrfar ort tástáil réamhriachtanais a dhéanamh. Tá an tástáil réamhriachtanais **éigeantach** agus ní mór **í a dhéanamh ar an ríomhaire a bheidh in úsáid agat ar lá na trialach**. Ní chuirfear an tástáil réamhriachtanais san áireamh sa mharc deiridh. Cuirfidh an tástáil réamhriachtanais ar do chumas dul i dtaithí ar an ardán agus conas é a úsáid. **Ní mór gach córas frithvíreas ar an ríomhaire deisce nó glúine a bheith díghníomhachtaithe agus an t-ardán á úsáid.**

Cuirfear tuilleadh faisnéise agus treoracha faoin seisiún trialach chugat ar ríomhphost ina dtabharfar cuireadh duit an triail a dhéanamh.

Má bhíonn fadhb agat le linn na trialach, **déan teagmháil láithreach leis an soláthraí seirbhíse ag +33 1 76 41 14 88** ionas gur féidir an fhadhb a réiteach, chun gur féidir leat

leanúint ar aghaidh le do thriail.

**Ní féidir an triail a dhéanamh ach amháin ar an dáta agus ag an am** a bheidh sonraithe sa chuireadh chun na trialach ceisteanna ilroghanna. Mura mbeidh tú in ann páirt a ghlacadh sa triail, **ní bheidh deis eile agat í a dhéanamh.**

## 2.2 Measúnú ar an gcomhlíontar na critéir incháilitheachta

Déanfaidh an painéal roghnúcháin measúnú ar chomhad iarratais gach iarrthóra **in ord íslitheach na bpointí a ghnóthaigh siad sa triail ceisteanna ilroghanna.** Cuirfidh an painéal roghnúcháin deireadh leis an bpróiseas measúnaithe a luaithe a bheidh 1.5 oiread an lín uasta iarrthóirí bainte amach. Déanfaidh an painéal roghnúcháin measúnú ar aon iarrthóirí a bheidh ar comhscór don áit cháiliúcháin deiridh.

Is ar an bhfaisnéis a thugtar ar an bhfoirm iarratais, agus ar an bhfaisnéis sin **amháin**, a bhunóidh an painéal roghnúcháin a chinntí, **ar faisnéis í nach mór bunús a bheith léi sna doiciméid tacaíochta, arna gcur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais agus ag an am céanna leis an bhfoirm iarratais**.

Ní mór sonraí iomlána maidir le cúrsaí léinn, oiliúint, taithí ghairmiúil agus eolas ar theangacha a bheith tugtha san fhoirm iarratais, mar seo a leanas:

### Cúrsaí léinn

Dátaí tosaigh agus deiridh na gcúrsaí léinn, chomh maith le cineál an dioplóma/na ndioplómaí agus na n-ábhar a ndearnadh staidéar orthu.

### Taithí ghairmiúil

Dáta tosaigh agus dáta deiridh gach tréimhse de thaithí ghairmiúil agus **cineál beacht na gcúraimí a comhlíonadh.**

### Teangacha

Do theanga 1 agus an leibhéal eolais atá agat uirthi, do theanga 2 agus an leibhéal eolais atá agat uirthi, agus na teangacha eile a bhfuil máistreacht faighte agat orthu. Ní mór duit do leibhéal a chur in iúl i gcomhréir leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (https://europa.eu/europass/en/common-european-framework-reference).

## 2.3 Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha

Scaipfear an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha ar sheirbhísí acmhainní daonna (AD) na Parlaiminte, i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach san fhógra.

Ciallaíonn ainm iarrthóra a bheith ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha go bhféadfaidh ceann d'Ard-Stiúrthóireachtaí na Parlaiminte cuireadh chun agallaimh a thabhairt dó nó di, ach ní hionann é agus ceart ná ráthaíocht go n-earcófar é nó í.

# 3. Conas iarratas a dhéanamh

## 3.1 Nótaí ginearálta

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta go léir trí staidéar a dheanamh ar an bhfógra agus ar an treoir seo agus trí aird chuí a thabhairt ar na riachtanais a leagtar síos iontu.

Ní mór duit d'iarratas a chur isteach ar an ardán ar líne Apply4EP. Chun cuntas a chruthú ar Apply4EP, cliceáil ar an táb 'Déan iarratas ar líne' ag bun an fhógra agus lean na treoracha.

Ní féidir leat ach **aon chuntas amháin** a chruthú.  Mar sin féin, is féidir leat do shonraí pearsanta a nuashonrú más gá.

Má tá aon deacrachtaí agat cuntas Apply4EP a chruthú nó má tá aon fhadhbanna teicniúla agat, téigh i dteagmháil le PERS-APPLY4EPContacts@europarl.europa.eu.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirfear isteach ar Apply4EP tar éis an spriocdháta. Ná fan go dtí an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh. Ní féidir freagracht a chur ar Pharlaimint na hEorpa as aon fhadhbanna teicniúla ag an nóiméad deireanach a eascraíonn as aon ró-ualach córais.

Is é an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain a dhéanfaidh an chumarsáid ar fad leis na hiarrthóirí a láimhseáil le linn an nós imeachta. Seolfar gach comhfhreagras, cuirí chuig na trialacha agus fógraí faoi thorthaí san áireamh, chuig an seoladh ríomhphoist atá sonraithe i d'iarratas Apply4EP. Moltar duit do ríomhphost a sheiceáil go rialta (d'fhillteán turscair san áireamh) agus do shonraí pearsanta ar Apply4EP a choinneáil cothrom le dáta.

**Ná cuir glao gutháin ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain. Cuir isteach aon cheist trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost lena ndeimhnítear go bhfuarthas d'iarratas.**

Má theastaíonn deimhniú tinrimh uait le haghaidh na dtrialacha, iarr é trí fhreagra a thabhairt ar an teachtaireacht ina dtugtar cuireadh duit an triail a dhéanamh.

### 3.1.1 Freastal réasúnta

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá cúinsí agat a fhágann go bhféadfadh fadhbanna teacht chun cinn le linn na trialach (e.g. toircheas, beathú cíche, fadhbanna sláinte, cóir leighis, etc.), ní mór duit é sin a shonrú i d'iarratas. Más mian leat freastal réasúnta a iarraidh, ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh isteach, ar féidir í a íoslódáil ó Apply4EP (faoin teideal 'Iarscríbhinn I'), a foilsíodh in éineacht leis an bhfógra agus leis an treoir seo. Iarrtar ort doiciméid tacaíochta a chur i gceangal leis seo chun údar a thabhairt le d'iarratas. D'fhéadfadh teastais leighis, nótaí dochtúra agus cruthúnas ar fhreastal réasúnta roimhe seo a bheith san áireamh sa doiciméadacht sin, amhail aon fhreastal le linn scrúduithe a deonaíodh roimhe seo le linn do chuid oideachais. Déanfar an fhaisnéis atá tugtha i do chuid doiciméad tacaíochta a mheas ionas gur féidir an freastal réasúnta cuí a dhéanamh, más gá.

**Ba cheart duit an fhaisnéis sin a sheoladh chuig Seirbhís Liachta Pharlaimint na hEorpa ag baint úsáid as an seoladh ríomhphoist tiomnaithe a shonraítear i bhfógra an chláir seo. Ná seol aon fhaisnéis leighis chuig an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain.**

Tabhair faoi deara nach bhfuil na bogearraí tástála ar líne (TestWe) inrochtana faoi láthair dóibh siúd a úsáideann léitheoirí scáileáin, formhéadaitheoirí agus bogearraí urlabhra go téacs. Má thagann fadhb chun cinn le linn na trialach, beidh ort glaoch ar líne chabhrach an tsoláthraí seirbhíse. Déanfar socruithe malartacha, i gcás inarb iomchuí, d'iarrthóirí a d'iarr freastal réasúnta (e.g. iad siúd a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu nó iad siúd a bhfuil neamhord urlabhra agus/nó teanga orthu) má fhormheasann Seirbhís Liachta na Parlaiminte a n-iarraidh.

**Tabhair faoi deara nach mór duit iarratas nua ar fhreastal réasúnta a chur isteach le haghaidh gach nós imeachta a gcuireann tú isteach air, toisc nach gcoinníonn an tSeirbhís Liachta taifid ar iarratais roimhe seo ar chúiseanna cosanta sonraí. Féadfaidh tú na doiciméid tacaíochta ó iarrataí roimhe seo a athúsáid, ar choinníoll nach bhfuil aon athrú ar do lagú ná ar do staid leighis.**

## 3.2 Conas an comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach

1. Is féidir **iarratas a dhéanamh ar líne** ach an nasc san fhógra a leanúint agus na ranna uile a chomhlánú go cúramach. Chun iarratas a chur isteach, ní fhéadfaidh tú ach cuntas AMHÁIN a bheith agat ar ardán Apply4EP, rud is féidir leat a chruthú ach cliceáil ar an táb 'Déan iarratas ar líne'.
2. **Cuir na doiciméid tacaíochta riachtanacha goléir i gceangal**, tá sé de fhreagracht ort doiciméid inléite a chur ar fáil (i bhformáid PDF más féidir). Is féidir doiciméid suas le **5 MB** a uaslódáil chuig ardán Apply4EP.
3. Déan d'iarratas **a bhailíochtú**. Nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaithe, **ní féidir leat é a athrú ná doiciméid a chur leis**.

**NB:** Má fhágann tú an leathanach gan d'iarratas a shábháil nó a thabhairt chun críche nó má bhíonn am an tseisiúin ar Apply4EP istigh (120 nóiméad ar a mhéad), caillfidh tú an fhaisnéis a d'uaslódáil tú agus beidh ort tosú arís. Dá bhrí sin, moltar go láidir duit na doiciméid tacaíochta go léir atá le cur leis an iarratas a ullmhú roimh ré.

Déanfar gach iarratas a chuirfear isteach trí Apply4EP a dheimhniú trí ríomhphost ina sonrófar gur cláraíodh an t-iarratas. Cinntigh go seiceálann tú d'fhillteán turscair mura bhfeiceann tú i do bhosca isteach é.

## 3.3 Doiciméid tacaíochta atá le cur i gceangal leis an gcomhad iarratais

### 3.3.1 Nótaí ginearálta

Ní gá gur fíorchóipeanna deimhnithe iad na doiciméid a uaslódálann tú agus iarratas á dhéanamh agat ar líne.

Ní doiciméid tacaíochta bhailí iad tagairtí do shuíomhanna gréasáin nó do chuntais meán sóisialta.

Ní mheasfar asphriontaí de leathanaigh ó shuíomhanna gréasáin mar dheimhnithe, cé gur féidir iad a chur i gceangal chun faisnéis bhreise a chur ar fáil agus chuige sin amháin. **Ní mheastar gur doiciméad tacaíochta é *curriculum vitae*.**

Agus do chomhad iarratais á thiomsú agat, ní fhéadfaidh tú tagairt a dhéanamh d'fhoirmeacha iarratais ná d'aon doiciméad eile a uaslódáladh cheana i dtaca le hiarratas a rinneadh roimhe seo.

### 3.3.2 Doiciméid tacaíochta le haghaidh na gcritéar incháilitheachta ginearálta

Níl aon doiciméad ag teastáil ag an gcéim seo chun a chruthú:

- gur náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach thú;
- go bhfuil lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agat;
- go bhfuil aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata comhlíonta agat;
- go bhfuil na teistiméireachtaí carachtair cuí agat maidir lena oiriúnaí atá tú chun na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh;
- go bhfuil tú faoi mhíchumas is cúis le lagú atá cothrom le 20 % nó níos mó ná sin;

**Ní mór duit tic a chur sa bhosca lena dhearbhú ar d'onóir** go gcomhlíonann tú na critéir agus go bhfuil an fhaisnéis a thugann tú fíor agus iomlán. Iarrfar ort doiciméid a chur ar fáil a chruthaíonn go bhfuil tú faoi mhíchumas le linn na seiceála incháilitheachta a dhéanfar tar éis na trialach ceisteanna ilroghanna Iarrfar ort doiciméid a chur ar fáil a chruthaíonn go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta eile má earcaítear thú.

### 3.3.3 Doiciméid tacaíochta eile

Ní mór duit an fhaisnéis agus na doiciméid ar fad a chur ar fáil don phainéal roghnúcháin chun cruinneas na faisnéise a thug tú ar an bhfoirm iarratais a fhíorú.

**Dioplómaí agus/nó teastais lena bhfianaítear gur éirigh leat do chúrsaí léinn a chur i gcrích**

Ní mór duit cóipeanna de do dhioplómaí meánoideachais nó ardoideachais nó de do dhioplómaí nó teastais ollscoile lena bhfianaítear gur chríochnaigh tú do **chúrsa léinn** a chur san áireamh san iarratas ar líne, faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh, ar cóipeanna iad den leibhéal a éilítear san fhógra. Is ortsa atá an fhreagracht doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabharfaidh an painéal roghnúcháin aird ar na córais oideachais éagsúla i mBallstáit an Aontais Eorpaigh (féach Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an treoir seo). Maidir le dioplómaí, is cuma cé acu i mBallstát nó i dtír nach Ballstát den Aontas í a eisíodh iad, ní mór iad a bheith aitheanta ag údarás inniúil Ballstáit den Aontas, amhail an aireacht oideachais. Má tá dioplómaí agat a d'eisigh tír nach Ballstát den Aontas Eorpach í, ní mór duit ráiteas coibhéise ón Aontas Eorpach a chur ar fáil i dtaca leis na dioplómaí má earcaítear thú. Tá tuilleadh eolais faoi cháilíochtaí neamh-AE a aithint ar fáil ar shuíomh gréasáin líonraí ENIC-NARIC (https://www.enic-naric.net/).

I gcás dioplómaí iar-mheánscoile, ní mór duit an fhaisnéis is mionsonraithe agus is féidir a chur ar fáil, go háirithe maidir leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus an fad a mhair an staidéar sin, ionas go mbeidh an painéal roghnúcháin in ann a mheas, má shonraítear san fhógra é, cé chomh hábhartha do dhualgais an phoist atá na dioplómaí sin.

Má chuireann tú dioplómaí isteach a bhaineann le hoiliúint theicniúil nó ghairmiúil, le cúrsaí breisoiliúna nó speisialtóireachta, ní mór duit a lua an cúrsa lánaimseartha nó páirtaimseartha a bhí ann nó an raibh ranganna oíche i gceist leis, chomh maith leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus fad oifigiúil na gcúrsaí. Déan an fhaisnéis sin a uaslódáil in aon doiciméad amháin.

### Taithí ghairmiúil

Ní chuirfear gach tréimhse de thaithí oibre san áireamh ach amháin más rud é go bhfuarthas an taithí **tar éis an dioplóma/na dioplómaí nó an cháilíocht/na cáilíochtaí riachtanacha a bhaint amach**. I gcás gach taithí oibre a ndéanann tú cur síos uirthi, ní mór duit doiciméid tacaíochta a uaslódáil mar chruthúnas. Ní mór **fad agus leibhéal na taithí gairmiúla a thaispeáint** sna doiciméid tacaíochta agus ní mór **tuairisc chuimsitheach** a bheith iontu ar an obair a rinneadh. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith ag an mbord roghnúcháin chun **a ábhartha atá do thaithí don sainchuntas poist a mheas**.

D'fhéadfaí a áireamh ar dhoiciméid tacaíochta ráitis ó iarfhostóirí agus ó d'fhostóir reatha lena ndeimhnítear go bhfuil an taithí ghairmiúil is gá agat chun a bheith incháilithe don nós imeachta.

Más rud é, ar chúiseanna rúndachta, nach féidir leat ráitis den sórt sin a chur i gceangal, **ní mór duit** fótachóipeanna de do chonradh fostaíochta nó de litir earcaíochta agus de do chéad ráiteas tuarastail agus de do ráiteas tuarastail is déanaí araon a chur i gceangal ina n-ionad.

I gcás nach thar ceann fostóra a rinneadh an obair (e.g. mar dhuine féinfhostaithe, mar chomhalta de na saorghairmeacha, etc.), glacfar mar fhianaise le sonraisc ina sonraítear na seirbhísí a soláthraíodh, nó le haon doiciméad tacaíochta oifigiúil ábhartha eile.

Ní féidir gach tréimhse de thaithí oibre a chur san áireamh ach aon uair amháin. Ba cheart an taithí oibre a bheith ábhartha do na dualgais riachtanacha, ba cheart gur fíorobair éifeachtach a bhí inti agus ba cheart go raibh luach saothair ag dul léi. Déantar cineálacha sonracha taithí oibre a mheas mar seo a leanas.

- Taithí oibre mar oibrí deonach: glactar leis an taithí sin mas rud é go raibh sí á rialú ag conradh nó ag comhaontú foirmiúil coibhéiseach agus más rud é gur mhair sí cúig mhí ar a laghad go lánaimseartha. Is féidir bliain amháin ar a mhéad d'obair dheonach a chur chun sochair.
- Tréimhsí oiliúna íoctha nó gan íocaíocht: glactar leo mura raibh siad mar chuid de chúrsa staidéir agus má mhair siad 5 mhí lánaimseartha ar a laghad. Is féidir bliain amháin ar a mhéad de sheal oiliúna a chur chun sochair.  Ní chaithfear ach le híosfhad na tréimhse oiliúna nach mór a chur i gcrích chun rochtain a fháil ar ghairm mar thaithí ghairmiúil ábhartha, agus sa chás amháin go bhfuair an duine lena mbaineann an ceart chun an ghairm atá i gceist a chleachtadh.
- Seirbhís mhíleata nó shibhialta éigeantach: cuirtear chun sochair an fad a seirbheáladh go hiarbhír. Sa chás áirithe sin, cuirfear an taithí san áireamh gan beann ar an dáta a fuarthas an dioplóma lena dtugtar rochtain ar an ngrúpa feidhme agus ar an ngrád ábhartha.
- Saoire mháithreachais/atharthachta/uchtála/thuismitheoireachta/theaghlaigh: meastar gur obair lánaimseartha í má chumhdaítear le conradh fostaíochta í, is cuma cé acu ar bhonn lánaimseartha nó leathaimseartha a glacadh í.
- Staidéir dhochtúireachta: glactar leis seo ar feadh uastréimhse 3 bliana, ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht.
- Obair pháirtaimseartha: is ar bhonn *pro rata* a ríomhfar líon na n-uaireanta a oibríodh (e.g. mheasfaí gur 4 mhí oibre a bheadh i gceist le 2 lá i seachtain oibre 5 lá a mhair 10 mí). Mar sin féin, is féidir leis an bpainéal roghnúcháin , ag baint úsáid as a chumhacht lánroghnach, cinneadh a dhéanamh tréimhse de thaithí oibre a mheas mar thréimhse lánaimseartha a bhí leathaimseartha ar a laghad. Ciallaíonn sé sin gur féidir taithí oibre 50 % nó níos mó de ghnátham oibre i gcomparáid le hobair lánaimseartha a ríomh mar thaithí oibre lánaimseartha (i.e. ag 100 %).

### Eolas ar theangacha

Ní gá aon doiciméad a bheith sa chomhad iarratais chun a chruthú go bhfuil an t-eolas agat ar theangacha atá sonraithe i d'fhoirm iarratais.

## 4. DÍCHÁILIÚ

Dícháileofar thú ag aon chéim den nós imeachta más rud é:

- go gcruthaíonn tú níos mó ná cuntas amháin;
- go ndéanann tú dearbhuithe bréagacha nó má chuireann tú doiciméid bhréagacha isteach;
- nach ndéanfaidh tú an triail nó má éiríonn tú as le linn na trialach;
- má dhéanann tú caimiléireacht le linn na trialach;
- má dhéanann tú iarracht dul i dteagmháil le comhalta den bhord roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithe;
- má shíníonn tú an triail nó má chuireann tú marc aitheantais ar do thriail, ar triail í a mharcáiltear go hanaithnid.

Tá an baol ann go ndícháileofar thú mura gcomhlíonfaidh tú na treoracha a thugtar duit don triail ar líne.

Ní mór duit a léiriú go bhfuil tú thar a bheith ionraic. Má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaois, d'fhéadaí pionós a ghearradh ort.

# 5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

## 5.1 Comhdheiseanna

Déanann Parlaimint na hEorpa a dícheall aon chineál idirdhealaithe a sheachaint.

Is fostóir comhdheiseanna í agus fáiltíonn sí roimh iarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhoras ar bith amhail inscne, dath craicinn, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

## 5.2 Iarrataí ó iarrthóirí ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leo

Tá ceart sonrach ag iarrthóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach, mar a thuairiscítear thíos. Dá bhrí sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa, arna iarraidh sin, ráiteas ar na marcanna a fuarthas i ngach roinn den triail ceisteanna ilroghanna ar ríomhaire a chur ar fáil d'iarrthóirí nár ghnóthaigh pas sa triail ceisteanna ilroghanna ar ríomhaire nó nach bhfuil ar na daoine is airde marc. Ní mór d'iarrthóirí iarrataí a dhéanamh trína gcuntas Apply4EP **laistigh de mhí amháin** ón dáta a seoladh an ríomhphost inar cuireadh an toradh in iúl.
Ní mór an iarraidh sin a phróiseáil i gcomhréir leis an gceanglas maidir le himeachtaí an phainéil roghnúcháin a bheith rúnda, mar a leagtar síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn III, Airteagal 6), lena gcuirtear cosc ar thuairimí an phainéil roghnúcháin a nochtadh agus ar aon fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le measúnuithe pearsanta nó comparáideacha iarrthóirí. Ní mór an iarraidh sin a phróiseáil freisin i gcomhréir leis na rialacha maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tabharfaidh an Pharlaimint freagra ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis laistigh de mhí amháin tar éis dóibh iad a fháil.

## 5.3 Cosaint sonraí pearsanta

Déanann Parlaimint na hEorpa, mar an comhlacht atá freagrach as comórtais/nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE[1], go háirithe a mhéid a bhaineann lena rúndacht agus lena slándáil (Beartas príobháideachta).

[1] IO L 295, 21.11.2018, p. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj.

# 6. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ - GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC - GEARÁIN A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

## 6.1 Iarrataí ar athbhreithniú

Féadfaidh tú athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh ón bpainéal roghnúcháin a dhéanann dochar duit, mar shampla, má chinneann an painéal gan ligean duit dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chlár nó gan tú a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

Is é is cuspóir don nós imeachta athbhreithniúcháin a chur ar chumas an phainéil roghnúcháin an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú má chinneann an painéal go bhfuil cúis ann é sin a dhéanamh. Déanfaidh an painéal roghnúcháin athbhreithniú ar a mheasúnú agus deimhneoidh sé a chinneadh bunaidh nó glacfaidh sé cinneadh nua a thiocfaidh in ionad an chinnidh bunaidh.

De réir cásdlí socraithe, níl aon tionchar ag do thuairim láidir phearsanta maidir leis an gcaoi ar cheart measúnú a dhéanamh ar d'iarratas, nó ar d'fheidhmíocht, ar an bpainéal roghnúcháin, agus ní féidir é a chur san áireamh.

**Tá 10 lá féilire agat chun iarraidh ar athbhreithniú a thaisceadh**, ag tosú an lá tar éis duit an ríomhphost a fháil ina gcuirtear cinneadh an bhoird roghnúcháin in iúl duit (agus an lá sin san áireamh). Ní mór duit an t-iarratas a thaisceadh trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost ina gcuirfear an cinneadh in iúl duit, agus a shonrú go soiléir go bhfuil athbhreithniú ar chinneadh an phainéil roghnúcháin á iarraidh agat. Seolfar admháil fála chugat a luaithe is féidir.

**Cuirfear cinneadh a ghlacfar tar éis iarraidh ar athbhreithniú in ionad an chinnidh bunaidh.** Ar an gcúis sin, má chinneann tú iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh ón bpainéal roghnúcháin a thaisceadh, ní mór duit fanacht ar chinneadh críochnaitheach an phainéil roghnúcháin (i.e. deimhniú ar a chinneadh bunaidh nó glacadh cinnidh nua) sula ndéanfaidh tú aon ghearán nó achomharc breithiúnach i gcoinne an chinnidh a dhéanann dochar duit.

## 6.2 Gearáin agus athbhreithniú breithiúnach

Má mheasann tú go ndearna cinneadh ón bpainéal roghnúcháin nó ón údarás ceapacháin dochar duit, féadfaidh tú gearán a dhéanamh ag aon chéim den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh[2].

Ba cheart an gearán a chur chuig:

Le Secrétaire général,
Parlement Européen,
Bâtiment Konrad
Adenauer, 2929
Luxembourg,
LUXEMBOURG

Féadtar gearán a thaisceadh tríd an ríomhphost ag AR90@europarl.europa.eu. Má roghnaíonn tú do ghearán a chur isteach ar ríomhphost, tá tú ag glacadh leis go seolfar gach comhfhreagras agus an cinneadh deiridh chuig do sheoladh ríomhphoist. Ina theannta sin, tabhair faoi deara, má sheolann tú do ghearán ar ríomhphost, nach gá é a sheoladh tríd an bpost freisin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir leis an údarás ceapacháin cinntí na mbord roghnúcháin (lena n-áirítear painéil roghnúcháin) i gcomórtais/nósanna imeachta

---

[2] Féach Rialachán (EEC, Euratom, ECSC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj), arna leasú le (EC, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/723/oj) agus le déanaí le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1023/oj).

roghnúcháin a leasú ná a neamhniú. Más mian leat cur i gcoinne cinneadh a rinne painéal roghnúcháin, féadfaidh tú, dá bhrí sin, achomharc a thaisceadh go díreach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh gan gearán a bheith taiscthe cheana féin faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Nuair a dhéanann tú cinneadh de chuid an údaráis ceapacháin a chonspóid, ní féidir achomharc a dhéanamh chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh go dtí go mbeidh gearán taiscthe agat faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Ní mór achomharc breithiúnach a sheoladh chuig:

Tribunal de l'Union Européene, 2925
Luxembourg
LUXEMBOURG,

faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Ní fhéadfar achomhairc chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ach amháin trí dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte i mBallstát den Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tosaíonn na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagail 90 agus 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a bhfuil feidhm acu maidir leis an dá chineál achomhairc sin, ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh bunaidh a dhéanann dochar duit, sa chás amháin gur iarraidh ar athbhreithniú atá i gceist, ón dáta ar tugadh fógra duit i dtaobh fhreagra bunaidh an phainéil roghnúcháin ar an iarraidh sin.

## 6.3 Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

Mar shaoránach nó cónaitheoir de chuid an Aontais Eorpaigh, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach:

An tOmbudsman Eorpach
1, Avenue du Président Robert Schuman — B.P.
403 67001 Strasbourg Cedex
FRANCE

faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom[3].

Tabhair faoi deara, maidir le gearáin a thaiscfear leis an Ombudsman, nach mbeidh éifeacht fionraíochta ar bith acu maidir leis an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne i ndáil le hachomhairc a thaisceadh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní scrúdaíonn an tOmbudsman gearáin i gcás ina bhfuil nó ina raibh na fíorais a líomhnaítear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla.

Níl aon éifeacht fionraíochta ag iarraidh ar athbhreithniú, gearán, achomharc nó gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach ar obair an phainéil roghnúcháin.

[3] IO L 253, 16/07/2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1163/oj.

# IARSCRÍBHINN I Cáilíochtaí lena dtugtar rochtain ar fheidhmghrúpa IV

Treoir **tháscach** de cháilíochtaí de chuid an **Aontais Eorpaigh** lenar féidir cur isteach ar chomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin d'Fheidhmghrúpa IV (arna measúnú de réir an cháis

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhair ceithre bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Belgique / België / Belgien** | Licence<br>Master<br>Diplôme d'études approfondies (DEA)<br>Diplôme d'études spécialisées (DES)<br>Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS)<br>Agrégation<br>Ingénieur industriel<br>Doctorat | Bachelor académique (180 crédits) |
| **Belgique / België / Belgien** | Licentiaat<br>Master<br>Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS)<br>Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS)<br>Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS)<br>Aggregaat<br>Industrieel ingenieur<br>Doctoraal diploma | Academisch gerichte bachelor (180 ECTS) |
| **България** | Диплома за висше образование<br>Бакалавър<br>Магистър | |
| **Česká republika** | Diplom o ukončení vysokoškolského studia<br>Magistr<br>Doktor | Diplom o ukončení bakalářského studia (Bakalář) |
| **Danmark** | Kandidatgrad/Candidatus<br>Master/Magistergrad (mag.art)<br>Licentiatgrad<br>ph.d.-grad | Bachelorgrad (B.A or B. S)<br>Professionsbachelorgrad<br>Diplomingeniør |
| **Deutschland** | Hochschulabschluss/Fachhochschulabschluss<br>Master<br>Magister Artium/Magistra Artium<br>Staatsexamen/Diplom<br>Erstes Juristisches Staatsexamen<br>Doktorgrad | Fachhochschulabschluss<br>Bachelor |
| **Eesti** | Rakenduskõrghariduse diplom<br>Bakalaureusekraad (160 ainepunkti)<br>Magistrikraad<br>Arstikraad<br>Hambaarstikraad<br>Loomaarstikraad<br>Filosoofiadoktor<br>Doktorikraad (120–160 ainepunkti) | Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti)<br>Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti) |
| **Éire / Ireland** | Céim onóracha bhaitsiléara (4 bliana/240 ECTS)<br>Céim ollscoile<br>Céim mháistir (60-120 ECTS)<br>Dochtúireacht | Céim onóracha bhaitsiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, B.Sc, B.Eng) |
| **Éire / Ireland** | Honours bachelor degree (4 years/240 ECTS)<br>University degree<br>Master's degree (60-120 ECTS)<br>Doctorate | Honours bachelor degree (3 years/180 ECTS) (BA, B.Sc, B.Eng) |

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhair ceithre bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Ελλάδα** | Πτυχίο ΑΕΙ (πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, ΤΕΙ)<br>Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδίκευσης (2ος κύκλος)<br>Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος) | |
| **España** | Licenciatura<br>Máster<br>Ingeniero<br>Título de Doctor | Diplomado/Ingeniero técnico |
| **France** | Maîtrise<br>Maîtrise des sciences et techniques (MST), maîtrise des sciences de gestion (MSG), diplôme d'études supérieures techniques (DEST), diplôme de recherche technologique (DRT), diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS), diplôme d'études approfondies (DEA), master 1, master 2 professionnel, master 2 recherche<br>Diplôme des grandes écoles<br>Diplôme d'ingénieur<br>Doctorat | Licence |
| **Italia** | Diploma di laurea (DL)<br>Laurea specialistica (LS)<br>Master di I livello<br>Dottorato di ricerca (DR) | Diploma di laurea – L (breve) |
| **Κύπρος** | Πανεπιστημιακό Πτυχίο / Bachelor<br>Master<br>Doctorate | |
| **Latvija** | Bakalaura diploms (160 kredītpunktu)<br>Profesionālā bakalaura diploms<br>Maģistra diploms<br>Profesionālā bakalaura diploms<br>Doktora grāds | Bakalaura diploms (min. 120 kredītpunktu) |
| **Lietuva** | Aukštojo mokslo diplomas<br>Bakalauro diplomas<br>Magistro diplomas<br>Daktaro diplomas<br>Meno licenciato diplomas | Profesinio bakalauro diplomas<br>Aukštojo mokslo diplomas |
| **Luxembourg** | Master<br>Diplôme d'ingénieur industriel<br>DESS en droit européen | Bachelor<br>Diplôme d'ingénieur technicien |
| **Magyarország** | Egyetemi oklevél<br>Alapfokozat (Bachelor degree 240 credits)<br>Mesterfokozat (Master degree) (Osztatlan mesterképzés)<br>Doktori fokozat | Főiskolai oklevél<br>Alapfokozat (Bachelor degree 180 credits) |
| **Malta** | Bachelor's degree<br>Master of Arts<br>Dottorat | Bachelor's degree |
| **Nederland** | HBO/WO Master's degree<br>Doctoraal examen/Doctoraat | WO-bachelor<br>HBO-bachelor degree<br>Baccalaureus of 'Ingenieur' |
| **Österreich** | Universitätsdiplom<br>Fachhochschuldiplom<br>Magister/Magistra<br>Master<br>Diplomprüfung, Diplom-Ingenieur<br>Magisterprüfungszeugnis<br>Rigorosenzeugnis<br>Doktortitel | Fachhochschuldiplom/Bakkalaureus/Bakka laurea |
| **Polska** | Magister/Magister inżynier<br>Dyplom doktora | Licencjat/Inżynier |

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhair ceithre bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| **Portugal** | Licenciado<br>Mestre<br>Doutorado | Bacharel licenciado |
| **Republika Hrvatska** | Baccalaureus/Baccalaurea (sveučilišni prvostupnik/prvostupnica)<br>Stručni specijalist<br>Magistar struke<br>Magistar inženjer/magistrica inženjerka (mag. ing)<br>Doktor struke<br>Doktor umjetnosti | Baccalaureus/Baccalaurea (sveučilišni rvostupnik/prvostupnica) |
| **România** | Diplomă de licență<br>Diplomă de inginer<br>Diplomă de urbanist<br>Diplomă de master<br>Certificat de atestare (studii academice postuniversitare)<br>Diplomă de doctor | Diplomă de licenţă |
| **Slovenija** | Univerzitetna diploma<br>Magisterij<br>Specializacija<br>Doktorat | Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi |
| **Slovensko** | Diplom o ukončení vysokoškolského štúdia<br>Bakalár (Bc.)<br>Magister<br>Magister/inžinier<br>ArtD. | Diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (Bakalár) |
| **Suomi / Finland** | Maisterin tutkinto<br>Ammattikorkeakoulututkinto (min. 160 opintoviikkoa)<br>Tohtorin tutkinto joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen<br>Lisensiaatti | Kandidaatin tutkinto<br>Ammattikorkeakoulututkinto (min. 120 opintoviikkoa) |
| **Suomi / Finland** | Magisterexamen<br>Yrkeshögskoleexamen (min. 160 studieveckor)<br>Antingen (Doktorsexamen) 4 år eller 2 år efter licentiatexamen<br>Licentiat | Kandidatexamen<br>Yrkeshögskoleexamen (min. 120 studieveckor) |
| **Sverige** | Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng, varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera)<br>- Licentiatexamen<br>- Doktorsexamen<br>Meriter på avancerad nivå:<br>- Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng<br>- Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>Meriter på forskarnivå:<br>- Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>- Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng | Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng, varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng)<br>Meriter på grundnivå: Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor) |
| **United Kingdom** | Honours Bachelor degree<br>Master’s degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc)<br>Doctorate<br>**NOTE:** UK diplomas awarded up until 31 December 2020 are accepted without an | (Honours) Bachelor degree<br>NB: Master’s degree in Scotland |

| TÍR | Cúrsa ollscoile a mhair ceithre bliana ar a laghad | Cúrsa ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad |
|---|---|---|
| | equivalence. UK diplomas awarded as of 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State. | |

# IARSCRÍBHINN II Cáilíochtaí lena dtugtar rochtain ar fheidhmghrúpa II

Treoir **tháscach** de cháilíochtaí de chuid an **Aontais Eorpaigh** lenar féidir cur isteach ar chomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin d'Fheidhmghrúpa III agus d'Fheidhmghrúpa II (arna measúnú de réir an cháis):

| TÍ | Oideachas meánscoile (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar-mheánscoile) | Oideachas iar-mheánscoile (lena dtugtar rochtain ar chúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó ar chúrsa gearr ollscoile a mhair dhá bhliain ar a laghad) |
|---|---|---|
| **Belgique / België / Belgien** | Certificat de l'enseignement secondaire supérieur (CESS)<br>Diplôme d'aptitude à accéder à l'enseignement supérieur (DAES)<br>Diplôme d'enseignement professionnel | Candidature<br>Graduat<br>Bachelor |
| **Belgique / België / Belgien** | Diploma secundair onderwijs<br>Getuigschrift van hoger secundair onderwijs<br>Getuigschrift van het beroepssecundair onderwijs | Kandidaat<br>Gegradueerde<br>Professioneel gerichte bachelor |
| **България** | Диплома за завършено средно образование | Специалист по … |
| **Česká republika** | Vysvědčení o maturitní zkoušce | Vysvědčení o absolutoriu (Absolutorium) + diplomovaný specialista (DiS.) |
| **Danmark** | Bevis for:<br>- Studentereksamen<br>- Højere Forberedelseseksamen (HF)<br>- Højere Handelseksamen (HHX)<br>- Højere Afgangseksamen (HA)<br>Bac pro: Bevis for Højere Teknisk Eksamen (HTX) | Videregående uddannelser = Bevis for = Eksamensbevis som (erhversakademiuddannelse AK) |
| **Deutschland** | Abitur/Zeugnis der allgemeinen Hochschulreife<br>Fachabitur/Zeugnis der Fachhochschulreife | |
| **Eesti** | Gümnaasiumi lõputunnistus + riigieksamitunnistus<br>Lõputunnistus kutsekeskhariduse omandamise kohta | Tunnistus keskhariduse baasil kutsekeskhariduse omandamise kohta |
| **Éire / Ireland** | Ardteistiméireacht Grád D3, i 5 ábhar<br>Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) | Teastas Náisiúnta<br>Gnáthchéim bhaitsiléara<br>Dioplóma náisiúnta (ND, Dip.)<br>Ardteastas (120 ECTS) |
| **Éire / Ireland** | Leaving Certificate Grade D3 in 5 subjects<br>Leaving Certificate Vocational Programme (LCVP) | National Certificate<br>Ordinary bachelor degree<br>National diploma (ND, Dip.)<br>Higher Certificate (120 ECTS) |
| **Ελλάδα** | Απολυτήριο Γενικού Λυκείου Απολυτήριο Κλασικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Τεχνικού Επαγγελματικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Ενιαίου Πολυκλαδικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Τεχνολογικού Επαγγελματικού Εκπαιδευτηρίου | Δίπλωμα επαγγελματικής κατάρτισης (IEK) |
| **España** | Bachillerato + Curso de Orientación Universitaria (COU)<br>Bachillerato<br>BUP<br>Diploma de Técnico especialista | FP grado superior (Técnico superior) |

| TÍ | Oideachas meánscoile (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar-mheánscoile) | Oideachas iar-mheánscoile (lena dtugtar rochtain ar chúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó ar chúrsa gearr ollscoile a mhair dhá bhliain ar a laghad) |
|---|---|---|
| **France** | Baccalauréat<br>Diplôme d'accès aux études universitaires (DAEU)<br>Brevet de technicien | Diplôme d'études universitaires générales (DEUG)<br>Brevet de technicien supérieur (BTS)<br>Diplôme universitaire de technologie (DUT)<br>Diplôme d'études universitaires scientifiques et techniques (DEUST) |
| **Italia** | Diploma di maturità (vecchio ordinamento)<br>Perito ragioniere<br>Diploma di superamento dell'esame di Stato conclusivo dei corsi di studio di istruzione secondaria superiore | Diploma universitario (DU)<br>Certificato di specializzazione tecnica superiore<br>Attestato di competenza (4 semestri) |
| **Κύπρος** | Απολυτήριο | Δίπλωμα = Programmes offered by Public/Private Schools of Higher Education (for the latter accreditation is compulsory)<br>Higher Diploma |
| **Latvija** | Atestāts par vispārējo vidējo izglītību<br>Diploms par profesionālo vidējo izglītību | Diploms par pirmā līmeņa profesionālo augstāko izglītību |
| **Lietuva** | Brandos atestatas | Aukštojo mokslo diplomas<br>Aukštesniojo mokslo diplomas |
| **Luxembourg** | Diplôme de fin d'études secondaires et techniques | BTS<br>Brevet de maîtrise<br>Brevet de technicien supérieur<br>Diplôme de premier cycle universitaire (DPCU)<br>Diplôme universitaire de technologie (DUT) |
| **Magyarország** | Gimnáziumi érettségi bizonyítvány<br>Szakközépiskolai érettségi-képesítő bizonyítvány | Felsőfokú szakképesítést igazoló bizonyítvány (Higher Vocational Programme) |
| **Malta** | Advanced Matriculation or GCE Advanced level in 3 subjects (2 of them grade C or higher)<br>Matriculation certificate (2 subjects at Advanced level and 4 at Intermediate level including Systems of Knowledge with overall grade A-C) + Passes in the Secondary Education Certificate examination at Grade 5<br>2 A Levels (passes A-C) + a number of subjects at Ordinary level, or equivalent | MCAST diplomas/certificates<br>Higher National Diploma |
| **Nederland** | Diploma VWO<br>Diploma staatsexamen (2 diploma's)<br>Diploma staatsexamen voorbereidend wetenschappelijk onderwijs (Diploma staatsexamen VWO)<br>Diploma staatsexamen hoger algemeen voortgezet onderwijs (Diploma staatsexamen HAVO) | Kandidaatsexamen Associate degree (AD) |
| **Österreich** | Matura/Reifeprüfung<br>Reife- und Diplomprüfung<br>Berufsreifeprüfung | Kollegdiplom/Akademiediplom |
| **Polska** | Świadectwo dojrzałości<br>Świadectwo ukończenia liceum ogólnokształcącego | Dyplom ukończenia kolegium nauczycielskiego<br>Świadectwo ukończenia szkoły policealnej |
| **Portugal** | Diploma do ensino secundário<br>Certificado de habilitações do ensino secundário | |
| **Republika Hrvatska** | Svjedodžba o državnoj maturi<br>Svjedodžba o završnom ispitu | Stručni pristupnik/pristupnica |

| TÍ | Oideachas meánscoile (lena dtugtar rochtain ar oideachas iar-mheánscoile) | Oideachas iar-mheánscoile (lena dtugtar rochtain ar chúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó ar chúrsa gearr ollscoile a mhair dhá bhliain ar a laghad) |
|---|---|---|
| **România** | Diplomă de bacalaureat | Diplomă de absolvire (colegiu universitar)<br>Învăţamânt preuniversitar |
| **Slovenija** | Maturitetno spričevalo (spričevalo o poklicni maturi) (spričevalo o zaključnem izpitu | Diploma višje strokovne šole |
| **Slovensko** | Vysvedčenie o maturitnej skúške | Absolventský diplom |
| **Suomi / Finland** | Ylioppilastutkinto tai peruskoulu + kolmen vuoden ammatillinen koulutus<br>Todistus yhdistelmäopinnoista | Ammatillinen opistoasteen tutkinto |
| **Suomi / Finland** | Studentexamen eller grundskola + treårig yrkesinriktad utbildning<br>Betyg över kombinationsstudier | Yrkesexamen på institutnivå |
| **Sverige** | Slutbetyg från gymnasieskolan (3-årig gymnasial utbildning) | Högskoleexamen (80 poäng)<br>Högskoleexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>Yrkeshögskoleexamen/Kvalificerad yrkeshögskoleexamen, 1–3 år |
| **United Kingdom** | General Certificate of Education Advanced level - 2 passes or equivalent (grades A to E)<br>BTEC National Diploma<br>General National Vocational Qualification (GNVQ), advanced level<br>Advanced Vocational Certificate of Education, A level (VCE A level)<br>**NOTE:** UK diplomas awarded up until 31 December 2020 are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as of 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State. | Higher National Diploma/Certificate (BTEC)/SCOTVEC<br>Diploma of Higher Education (DipHE)<br>National Vocational Qualifications (NVQ)<br>Scottish Vocational Qualifications (SVQ) level 4 |